BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA
**CHILL DARA AGUS CHILL MHANTÁIN**
**KILDARE AND WICKLOW**
EDUCATION AND TRAINING BOARD

# FÓGRA PRÍOBHÁIDEACHAIS COVID-19

Is aguisín é an fógra seo le Fógra Príobháideachais phríomhúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM) agus míníonn sé an chaoi a bhféadfadh BOOCDCM (mar Rialaitheoir Sonraí) do shonraí pearsanta a úsáid, go sonrach i gcomhthéacs na paindéime COVID-19 (Coróinvíreas).

Is muidne Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (BOOCDCM). Seo a leanas ár seoladh agus sonraí teagmhála: Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara Agus Chill Mhantáin (BOOCDCM), Áras Chill Dara, Páirc Devoy, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara: 045 988 000. Soláthraímid oideachas bunscoile, oideachas dara leibhéal, oideachas athdheise; breisoideachas agus oiliúint, lena n-áirítear printíseachtaí; cláir oibre don óige, cláir oideachais phobalbhunaithe; oideachas príosúin, oideachas allamuigh; cláir fhor-rochtana, sainchláir e.g. trí Music Generation agus cláir/cúrsaí eile a bhféadfaí iad a reáchtáil/a mhaoiniú/a urrú, go hiomlán nó i bpáirt, le comhlachtaí/gníomhaireachtaí eile etc. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach rannán 1 dár mBeartas Cosanta Sonraí, ag www.kwetb.ie

Ag an am seo, is mian linn sonraí pearsanta catagóra speisialta a bhailiú agus a phróiseáil mar fhreagairt ar an ráig úrnua den Choróinvíreas, atá sa bhreis ar na sonraí a bhaileodh BOOCDCM uait ar na gnáthbhealaí. San áireamh sna sonraí pearsanta breise atá á mbailiú, tá, cé acu mar dhuine is ábhar do na sonraí, an raibh, nó an bhfuil, comharthaí sóirt/siomptóim de Covid-19 ort, nó an bhfuil tú in aon cheann de na catagóirí ardriosca is mó atá i mbaol an galar a fhabhtú agus/nó duine atá go dona tinn, nó atá faoi chomhairle dochtúra leithlisiú/aonrú nó cocúnú, nó a bhí i ndlúth-theagmháil le duine a bhfuil diagnóis de Covid-19 amhrasta nó deimhnithe air/uirthi. Tharlódh go mb'fhéidir go mbeadh eolas breise i gceist, cosúil le taisteal thar lear le déanaí, má iarrann nó má chomhairlíonn an Rialtas agus/nó eagraíochtaí sláinte náisiúnta nó idirnáisiúnta a leithéid. Is é is cuspóir do bhailiú na sonraí seo ná sábháilteacht agus folláine ár bhfostaithe, ár bhfoghlaimeoirí agus an pobal i gcoitinne a chinntiú agus cloí le treoirlínte agus reachtaíocht an Rialtais maidir le fostaithe ag filleadh ar a gcuid oibre *etc*. Tá an t-eolas atá a lorg uaitse teoranta don mhéid atá i gcomhréir agus riachtanach, ag cur san áireamh an treoir is déanaí ón Rialtas agus ó lucht gairme sláinte, é sin uile chun gur féidir an víreas a bhainistiú agus a shrianadh.

Éilíonn an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [GDPR] go gcomhlíonfaí sainchoinníollacha dleathacha chun a chinntiú go mbíonn próiseáil sonraí pearsanta dleathach. Is iad na coinníollacha ábhartha do BOOCDCM a bheith ag próiseáil na sonraí i dtrácht ná iad seo a leanas:

- **Airteagal 6 (1)(c)** - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir a chomhlíonadh;
- Airteagal 6(1)(d) - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí nó duine nádúrtha eile a chosaint.
  Deir Réamhaithris 46 *"Le roinnt cineálacha próiseála, d'fhéadfaí fónamh do leas tábhachtach an phobail agus do leasanna ríthábhachtacha an ábhair sonraí araon, mar shampla nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun críocha daonnúla, lena n-áirítear chun faireachán a dhéanamh ar eipidéimí agus ar a leathadh…."*

- Airteagal 6(1)(e) - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir

Lena chois sin, chomh fada is a bhaineann le próiseáil catagóirí speisialta de shonraí pearsanta, a chuimsíonn sonraí a bhaineann le sláinte duine, tá siad toirmiscthe mura féidir sainchoinníollacha eile sa bhreis a chomhlíonadh. Is iad na coinníollacha breise seo atá ábhartha do BOOCDCM a bheith ag próiseáil na sonraí i dtrácht ná iad seo a leanas:

- Airteagal 9(2)(b) - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáidí an rialaitheora nó an ábhair sonraí a chomhlíonadh agus chun cearta sonracha an rialaitheora nó an ábhair sonraí a fheidhmiú i réimse dhlí na fostaíochta agus na slándála sóisialta agus cosanta sóisialta a mhéid atá údaraithe le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó le comhaontú comhchoiteann de bhun dlí Ballstáit lena bhforáiltear do choimircí iomchuí do chearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí;
- Airteagal 9(2)(i) – is gá an phróiseáil a dhéanamh ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail i réimse na sláinte poiblí, amhail cosaint i gcoinne bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte nó chun ardchaighdeáin cáilíochta agus slándála a áirithiú do chúram sláinte.

Sa phaindéim reatha seo, tharlódh go mb’fhéidir go roinnfimis do shonraí le húdaráis phoiblí eile agus seirbhísí éigeandála, nuair is gá, agus ar bhealach atá i gcomhréir agus slán. Ní bheidh sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leat chun toiliú a fháil nuair nach bhfuil toiliú mar bhonn dlíthiúil le próiseáil sonraí dá leithéid, mar atá leagtha amach thuas. Gealltar duit leis seo go bhfuil tosaíocht á tabhairt do chosaint sonraí pearsanta ag an am seo. Ní roinnfimid d’eolas pearsanta ach amháin nuair a cheadaíonn an dlí sin a dhéanamh, agus féachaimid chuige gan ach an méid sonraí is lú is gá a roinnt chun an cuspóir atá riachtanach a chur i gcrích. Ní roinnfear an t-eolas lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch [EEA]. Sa bhreis air sin, ní úsáidfear an t-eolas ach amháin do na cuspóirí atá luaite sa bhFógra Príobháideachais seo agus i Ráiteas Beartais Cosanta Sonraí BOOCDCM. Dá bhrí sin, ní úsáidfear aon eolas sláinte a chuireann tú ar fáil maidir leis an ráig Covid-19/Coróinvíreas do chuspóir ar bith eile. Chomh maith leis sin, ní choinneofar eolas sláinte dá leithéid ach ar feadh achair áirithe shonraithe, i.e. ní choinneoimid do chuid eolais ach ar feadh an achair is gá sin a dhéanamh, ag cur san áireamh comhairle an Rialtais agus an riosca leanúnach a ghabhann le Covid-19/Coróinvíreas. Nuair nach dteastaíonn an t-eolas sin a thuilleadh don chuspóir sin, scriosfar é ar bhealach iomlán slán.

Ní dhéanaimid cinnteoireacht/próifíliú uathoibrithe.

Tá cearta agat maidir le do shonraí peasanta, a fhanann slán le linn na paindéime Coróinvíris. Le haghaidh tuilleadh eolais, le do thoil, féach ar alt 7 dár Ráiteas Beartais Cosanta Sonraí, ar www.kwetb.ie

Má bhíonn tuilleadh eolais uait faoin gcaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta, féadfaidh tú dul i dteagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost chuig data.protection@kwetb.ie nó sa phost chuig Oifigeach Cosanta Sonraí BOOCDCM, Áras Chill Dara, Páirc Devoy, Nás na Ríogh, Co. Chill Dara.